# IRIS IDIRBHLIANA

*Imleabhar 1 - Eagrán 3*

## CALLUM WALSH VS RUNOWSKI

Throid Callum Walsh ina chéad babhta d'Éirinn, Dé hAoine 20ú Meán Fómhair, beo ar UFC Fight Pass sa 3 Arena i mBaile Átha Cliath.

Bhí Walsh, a bhfuil lántacaíocht phríomhfheidhmeannach UFC Dana White aige, ag teacht as bua brúidiúil i mí an Mheithimh seo caite.

Bhuiagh sé an troid. Faoi láthair níl troid amháin caillte aige as dhá throid déag. Tá comparáidí déanta idir é féin agus Conor McGregor, ach tá sé ag iarraidh a bhealach féin a chruthú sa spórt corraitheach seo.

Le Ben & Kayne

## Marcaíocht capall le Tearmann

Gach Máirt ar feadh sé seachtaine beimid ag dul ag marcaíocht capall le daltaí Tearmann . Is é seo an tríú seachtain atá déanta againn. Bíonn marcaíocht capall ar siúl i nDroim Conrach. Faighimid bus ón scoil. Tosaíonn sé ag ceathrú tar éis a deich agus maireann sé uair an chloig.

Cabhraímid leis na daltaí ar na capaill agus siúlaimid leo timpeall na páirce agus tríd an gcoill. Bailímid rudaí éagsúla ó bhoscaí agus muid ag déanamh ár mbealach timpeall an riain. Nuair a bhíonn ár marcaíocht críochnaithe beathaímid úlla agus cairéid do na capaill. Scuabaimid gruaig na gcapall freisin.

De réir fianaise tá marcaíocht capall an-teiripeach do leanaí a bhfuil uathachas orthu. Bíonn tionchar dearfacht ag an ngluaiseacht rithimeach ar rannpháirtithe. Chomh maith le seo is imeacht an-taitneamhach é agus is breá linn cabhrú leis na daltaí agus scileanna agus eolas nua a fhoghlaim ar an mbealach.

Le Lily & Evie

## Deireadh seachtaine fada

Ligeamar ár scíth ar ár lá  saor Dé hAoine seo caite agus bhuaileamar lenár gcairde i bhfad ón scoil.
Bhí neart ama againn pé rud gur mhaith linn a dhéanamh.
Bhí seans ag daltaí imirt, obair bhaile a chríochnú agus imeachtaí áitiúla a fhiosrú. Fuaireamar seans breise dul lasmuigh agus buíochas le Dia, lá deas tirim a bhí ann ar an iomlán.
Thug an lá breise deis dúinn athdheisiú roimh tús Mí an Fhomhair roimh theacht laethanta fada an fhómhair. Ba bhreá linn deireadh seachtaine fada gach seachtaine le bhur dtoil?!

Le Alex, Zaac & Killian

## TURAS GO BAILE ÁTHA TROIM

Dé Máirt seo caite chuamar go Baile Átha Troim i gcontae na Mí. Thugamar cuairt ar a láthair céadfaí agus fuaireamar smaointe faoi conas ár ngairdín céadfaí féin a dhéanamh. Thugamar cuairt ar chaisleán Bhaile Átha Troim freisin. Sa ghairdín céadfai bhí  bláthanna éagsúla agus luibheanna difriúla. Bhíomar in ann breathnú orthu, boladh a fháil uaithi, iad a mhothú, agus a bhlasadh.  Níos déanaí chuamar ar shiúlóid timpeall an chaisléain. Thóg an turas chuig an gcaisleán tríocha nóiméad agus ní raibh aon trácht ann. Líonamsr isteach bileoga oibre faoin gairdín agus tharraing muid sceitsl den chuma a bhí air. D'ith muid ár lón ag an gcaisléan. Thaitin ár dturas linn agus chonaiceamar go leor radhairc. Tá súil againn tús a chur lenár ngairdín céadfaí féin ar chúl  na scoile an tseachtain seo chugainn le smaointe a bhailíomar  ónár dturas.

Le Ellie, Ava & Jessica

# Iris Idirbhliana

Tá lasadh tinte cnámh ar cheann de na traidisiúin is sine atá againn mar chreid daoine gur aiséirigh na mairbh an oíche sin. Lasadh na tinte chun an ruaig a chuir ar na spioraid.
Is arán le torthaí taobh istigh ann é Barmbrack. Bíonn airgead nó fáinne lastigh freisin. Má fhaigheann tú iad deirtear go mbeidh ádh mór in ann duit.

## OÍCHE SHAMHNA IN ÉIRINN

Thosaigh Oíche Shamhna in Éirinn mar thraidisiún ceilteach 'samhain' thart ar 1000 AD.
Chaithfeadh daoine cultacha cosúil le taibhsí oíche Shamhna.
Téann daoine ó dhoras go doras le haghaidh milseáin.
Deirtear "Trick or Treat" nó "bob nó bia"

Le blianta beaga anuas bíonn teaghlaigh ag tabhairt cuairte ar paistí puimcíne agus faigheann siad puimcíní dá dtithe. Tugann siad abhaile iad agus snoíonn siad aghaidheanna scranrúla le sceana iontu. Is féidir coinneal a chur ar lasadh taobh istigh chun anruaig a chur ar na spioraid.

**ANTHONY JOSHUA I GCOINNE LE DANIEL DUBOIS**

Bhuail Anthony Joshua le Daniel ‘‘Dynamite’’ Dubois i staid Wembley i Londain ag a deich a chlog oíche Dé Sathairn. Bhí nócha míle duine ann agus bhí siad ar bís don troid. Nuair a shiúil Anthony Joshua amach thosaigh an lucht féachanna ag scairteadh. Nuair a thosaigh siad ag troid bhí sé ar fheabhas. Ba throid iontach iad. Bhuail Daniel Dubois le alán dhoirn ar Anthony Joshua agus thit sé ar an talamh. Bhuaigh Daniel Dubois an troid amach is amach.

Le Jack & Jonah